

DEARBHÚ MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ

TIMSS 2023 – SUIRBHÉ LUATHFHOGHLAMA AGUS CEISTNEOIR DALTAÍ

Aitheantas agus sonraí teagmhála na rialaitheoir:

An Foras Taighde ar Oideachas
DCU Campas Coláiste Phádraig
Baile Átha Cliath 9
D09 AN2F
Éire
Guthán: +353 1 837 3789
Ríomhphost: timss.ireland@erc.ie

agus

IEA
Keizersgracht 311
1016 EE Amsterdam
The Netherlands
Guthán: +31 20 625 3625
Ríomhphost: secretariat@iea.nl

Cén fáth go mbailítear agus go bpróiseáiltear sonraí?

Úsáidfeá na sonraí a bhaileofar le linn TIMSS 2023 (Trends in International Mathematics and Science Study) go heisiach do chuspóirí eolaíochta. Is tionscadal taighde oideachais é TIMSS atá urraithe ag an gCumann Idirnáisiúnta um Meastóireacht ar an nGnóthachtáil Oideachasúil (IEA).

Is é An Foras Taighde ar Oideachas (FTO) a riarann TIMSS in Éirinn ar iarratas, agus thar ceann, na Roinne Oideachais. Tá sé seo de réir ceann de na feidhmeanna ("measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh ar leibhéal gnóthachtála agus ar gnóthachtáil acadúil daltaí agus measúnuithe dá leithéid sin a thuairisciú don Aire") atá leagtha amach in Ordú Bunaíochta an FTO mar chomhlacht reachtúil (is féidir é a léamh go hiomlán ag: <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/si/392/made/en/print>). Tá bonn dlíthiúil an FTO maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil de réir Airteagal 6 de Rialachán Ginearálta an AE maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) – "tasc a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarais oifigiúil atá dílsithe sa rialtóir".

Cén t-eolas a iarrtar?

Tugtar cuireadh do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí dlíthiúla dhaltaí Rang a Ceathair sna scoileanna rannpháirteacha Suirbhé Luathfhoghlama TIMSS 2023 a chomhlánú chun faisnéis a sholáthar don staidéar faoi ghníomhaíochtaí luathfhoghlama agus teanga(cha) a labhraítear sa bhaile, slí bheatha agus cúlra oideachais na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, ar

rugadh na daltaí agus na tuismitheoirí/caomhnóirí in Éirinn, acmhainní baile, tuairimí maidir le scoil an pháiste, agus taithí ar iompar diúltach dalta eile.

Iarrtar ar na daltaí sna scoileanna rannpháirteacha Ceistneoir Dalta TIMSS 2023 a chomhlánú chun faisnéis a sholáthar don staidéar faoi inscne, aois agus tír bhreithe na ndaltaí, acmhainní baile, teanga(cha) a labhraítear sa bhaile, agus tuairimí maidir le timpeallacht na scoile, agus ceachtanna matamaitice agus eolaíochta.

- Lena dheimhniú go bhfuil TIMSS bunaithe ar shamplaí daltaí agus scoileanna a roghnaíodh go heolaíoch, táthar ag súil go gcomhoibreoidh scoileanna le riar TIMSS ina scoil nuair a iarrtar é sin (Imlitir na Roinne Oideachais 0056/2011).
- Ní bheidh na daltaí nó na tuismitheoirí/caomhnóirí faoi mhíbhuntáiste ar bhealach ar bith trí gan an ceistneoir a chomhlánú, agus tá cead ag na freagróirí léim thar cheisteanna aonair nó éirí as na ceisteanna a fhreagairt ag am ar bith.
- Nuair a líonann rannpháirtí sa staidéar ceistneoir isteach agus nuair a thugtar ar ais é, tugann sé nó sí cead sa chaoi sin na sonraí sa cheistneoir a bhailiú agus a phróiseáil.
- Ar feadh tréimhse suas le 4 seachtaine i ndiaidh riar na dtástálacha, is féidir le rannpháirtí ar bith cead chun sonraí a phróiseáil a tharraingt siar agus ní gá aon chúis a lua.
- Is féidir le haon rannpháirtí, ar mian leis nó léi a c(h)uid faisnéise a bhaint nó a leasú, dul i dteagmháil leis An Foras Taighde ar Oideachas (ag 01 837 3789 nó timss.ireland@erc.ie). Má tharraingíonn duine siar ón staidéar, ní bhaileofar aon sonraí breise faoin duine sin. Coinnítear roinnt faisnéise maidir le tarraingt siar agus eisiamh chun an sampla a bhailíochtú agus chun bonn eolais a sholáthar do lucht riaracháin sa todhchaí (m.sh., féachaint an bhfuil seans níos mó ann go dtarraingeoidh cailíní siar ó rannpháirtíocht sa staidéar).
- Is féidir teagmháil a dhéanamh freisin le hOifigeach Cosanta Sonraí an FTO má tá aon cheist agat faoin tslí ina gcosnaítear faisnéis phearsanta (data.protection@erc.ie).

Cén cineál sonraí a bhailítear?

Bailítear agus stóráiltear sonraí ó fhreagraí ar na ceisteanna a iarrtar ar dhaltaí agus ar a dtuismitheoirí, nó ar chaomhnóirí dlíthiúla daltaí, atá rannpháirteach in TIMSS. Tá sé seo i bhfoirm uimhreacha a léiríonn roghnuithe (mar shampla, ceist ilroghnach, nó roghnú tá/níl). Má dhéantar an suirbhé do thuismitheoirí/chaomhnóirí a chomhlánú ar líne seachas ar pháipéar, stóráiltear tuilleadh faisnéise logála isteach, ina measc an seoladh IP, an chéad uair agus an uair is deireanaí a logáladh isteach, an líon uaireanta a logáil freagróir isteach san iomlán, uimhir na ceiste reatha, agus cibé ar cuireadh an ceistneoir isteach nó nár cuireadh.

Tugann daltaí, a thógann an measúnú ríomhbhunaithe, tacar iomlán freagraí, a bhfuil stampa ama air, ar mhíreanna na tástála. Stóráiltear na freagraí seo mar fhreagraí loma. Chomh maith leis sin, bailítear sonraí próiseála ar iompar nascleanúna, agus úsáid uirlisí, le

stampaí ama comhfhreagracha. Bailítear freagraí ar cheistneoirí daltaí gan sonraí nascleanúna agus ní bhíonn stampa ama orthu.

Ní féidir an fhaisnéis seo inti féin a úsáid, chun ainmneacha freagróirí aonair a aithint. Ach déantar taifead ar aitheantóir uathúil uimhriúil (ID) chun gach dalta a aithint go huathúil. Níl aon nasc idir an ID seo agus aon chóras-ID reatha eile agus níor sannadh é ach amháin ar mhaithe le riarachán an staidéir. Is eol don chomhordaitheoir scoile, do riarthóir na tástála agus don FTO an gaol idir an ID seo agus ainm an dalta. Ní roinntear é, áfach, leis an IEA nó le tríú páirtí ar bith eile.

Cén áit, conas agus cén fad a dhéantar sonraí ó TIMSS a stóráil?

Stóráiltear sonraí TIMSS go daingean ar fhreastalaithe atá suite san Eoraip agus nach bhfuil rochtain ag páirtithe ná córais sheachtracha orthu. Stóráiltear sonraí ceistneoirí ar líne a bhailítear in TIMSS 2023 DC ag úsáid Online SurveySystem ar fhreastalaithe Microsoft Azure atá suite in Amstardam na hÍsiltíre. Próiseáiltear sonraí go lárnach ag an IEA in Hamburg na Gearmáine. Seoltar gan ainmneacha – is uimhreacha ID na ndaltaí amháin a bheidh leo - na sonraí ar fad a thagann isteach le haghaidh próiseáil sonraí.

Anuas air sin, tá comhaontú rúndachta sínithe ag, agus faisnéis chuí, maidir le cad is ionramháil inghlactha sonraí ann, tugtha d'aon fhostaithe de chuid an FTO agus IEA a bhfuil rochtain acu ar shonraí i gcomhair próiseála.

Stóráiltear na sonraí mar seo a leanas:

Cuirfear i gcartlann sonraí anaithnidithe TIMSS ar mhaithe le taighde ar feadh tréimhse éiginnte ama sa chaoi go mbeidh sé ar fáil d'anailís eolaíoch. Ar deireadh, eascróidh bunachar sonraí as na freagraí seo a cheadóidh do lucht taighde córais oideachais ar fud na cruinne a chur i gcomparáid (féach 'Inrochtaineacht Phoiblí' thíos).

Ag an FTO, stóráiltear na sonraí mar seo a leanas:

Stóráiltear sonraí atá ceangailte le daoine aonair go dtí go scaoilfear an bunachar sonraí idirnáisiúnta (Feabhra 2025 a bheidh i gceist, is dócha, don timthriall seo de TIMSS). Ag an bpointe sin (nó níos luaithe sa timthriall más féidir), beidh na sonraí go léir gan ainm ionas nach mbeidh aon fhéidearthacht ann go ndéanfar rannpháirtí aonair a aithint.

Stóráiltear sonraí freagraí agus próiseála ar dtús ar fhreastalaithe suite sa Ghearmáin, ar le RM Solutions iad, agus ansin déantar iad a phróiseáil go lárnach ag an IEA in Hamburg sa Ghearmáin. Seoltar gan ainmneacha – is uimhreacha ID na ndaltaí amháin a bheidh leo - na sonraí ar fad a thagann isteach le haghaidh próiseáil sonraí.

Cé leis agus conas a roinntear sonraí ó TIMSS?

Mar chuid den phróiseáil tosaigh, roinneann an FTO roinnt sonraí ó TIMSS lena fhochoonraitheoirí (m.sh., chun sonraí ó cheistneoirí páipéir a ionchur). Tá Comhaontú Próiseáil Sonraí agus Comhaontú Rúndachta sínithe ag na fochonraitheoirí go léir leis an FTO.

Seoltar sonraí ón bhForas Taighde ar Oideachas chuig an IEA trí fhreastalaí slán FTP, agus ainmneacha bréige leo, is é sin le rá go bhfuil siad próiseáilte sa chaoi is nach féidir na sonraí pearsanta a chur i leith duine ar leith is ábhar do na sonraí gan úsáid a bhaint as faisnéis bhreise (coimeádtar aon fhaisnéis bhreise den sórt sin ar leithligh agus faoi réir bearta teicniúla agus eagrúcháin lena chinntiú nach gcuirfear sonraí pearsanta i leith aon duine aitheanta nó inaitheanta).

Tá TIMSS á stiúradh ag an Lárionad Staidéir Idirnáisiúnta (ISC) atá lonnaithe in Boston College, SAM, agus is ann a dhéantar formhór na hanailíse sonraí. Tá sonraí maidir leis na freagraí ag teastáil le haghaidh na hanailíse ach cuirtear iad chuig an ISC, trí fhreastalaí slán FTP agus ainmneacha bréige leo. Tá comhaontú rúndachta sínithe ag fostaithe ISC a bhfuil rochtain acu ar na sonraí chun anailís a dhéanamh orthu. Tá traschur sonraí chuig ár gcomhpháirtithe sna tríú tíortha cosanta ag bearta cuí feiliúnacha dlíthiúla, teicniúla agus eagrúcháin, Comhaontú Próiseáil Sonraí agus Clásail Chonartha Chaighdeánacha Eorpacha, mar shampla.

Déantar na sonraí a roinnt ar ais, arís ar fhreastalaí slán FTP, leis an FTO.

Sonraí gaolmhara

Mar aon le tuismitheoirí agus daltaí, iarrtar ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí ceistneoir a chomhlánú freisin. Nasctar eolas a thagann ó na foinsí seo lena dtagann ó daltaí agus tuismitheoirí sa bhunachar sonraí taighde idirnáisiúnta deiridh (IDB).

Inrochtaineacht Phoiblí

Beidh an pobal in ann rochtain a fháil ar an mbunachar sonraí taighde idirnáisiúnta deiridh ó na suíomhanna seo a leanas:

<https://www.iea.nl/data> (Amstardam, An Ísiltír)

<https://timssandpirls.bc.edu/index.html> (Bostún, SAM)

Tá na sonraí go léir sa bhunachar sonraí gan ainm, agus ní féidir iad a cheangal le daoine aonair.

Cinnteoireacht agus próifiliú uathoibríoch

Ní dhéanaimid aon chinnteoireacht uathoibríoch, próifiliú san áireamh, mar a luaitear in Airteagal 22 RGCS.

Ceartha na nDaoine is ábhar do na Sonraí

Tá Daoine is Ábhar do na Sonraí i dteideal na gceart atá leagtha amach in Airteagail 15-20 den RGCS.

Tá sé de cheart ag Daoine is Ábhar do na Sonraí gearán a dhéanamh le húdarás maoirseachta. Is é an t-údarás ábhartha in Éirinn:

An Coimisiún Um Chosaint Sonraí

21 Cearnóg Mhic Liam Theas

BÁC 2

D02 RD28

Láithreán Gréasáin: www.dataprotection.ie